

Gaeilscoil  
Thaobh na Coille

10/11/2016



San eagrán seo:

Inside this issue:

Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Parent Teacher Meetings	1
Naionáin Shóisearacha Junior Infants	1
Do Pháiste Ar-Líne Your Child On-line Parents' Talk	2
Boscaí Bróg na Nollag	2
Baillúchán Éadaí Clothes Collection	2
Teachtaireachtaí ón Scoil School Communication	3
Comórtas Ealaíne dlr	3
Ár gCara : Garda Pat	3
Seisiún Ceoil Idirscoile National Children's Choir	4
Cór na nÓg National Children's Choir	4

## NUACHTLITIR

## Gaeilscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

## Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Parent Teacher Meetings

Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an Déardaoin an 24 Samhain ó 2.45pm ar aghaidh. Beidh roinnt cruinnithe á eagrú againn freisin de na ranganna is mó sa scoil an lá roimh réidh idir 1.30pm agus 2.30pm. Tá clár ama chuimsitheach á leagadh amach againn do na cruinnithe faoi láthair agus seolfaimíd bhúr gcoinní amach chugaibh chomh luath is gur féidir linn. Táim cinnte go dtuigeann sibh cé chomh deacair is atá sé clár ama den tsórt seo a réiteach do 465 páiste agus dá bhrí sin iarraim oraibh cláir leis na h-amannta a socraítear daoibh. Beidh coinne 10 nóiméad ag gach páiste agus beidh 10 nóiméad ar a laghad idir choinní siblíne le dóthain ama a thabhairt do thuismitheoirí dul ó sheomra go seomra. Os rud é nach bhfuil agaibh ach 10 nóiméad leis an múinteoir ranga molaim díbh má tá aon cheist nó aon bhuairt nó ábhar imní gur mhaith libh a phlé leis an múinteoir, é a lua ag an tús ionas gur féidir leis an múinteoir díriú ar sin agus go mbainfidh sibh dá bhrí sin an leas is fearr as an gcruinniú.

*Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on Thursday next the 24th of November from 2.45pm onwards. We will also be holding some meetings the previous day from 1.30pm to 2.30pm for the bigger classes. We are in the process of preparing the timetable and will send out your appointments asap. I am sure you can appreciate that preparing a timetable for 465 children is extremely complex so I would ask you to make every effort to adhere to your scheduled appointment. Each child will be allocated a 10 minute appointment. There will be a 10 minute gap between most sibling appointments to allow parents enough time to get from one classroom to another. As your allotted time is quite short it would be a good idea to mention any specific worries, issues or queries you might have to the Múinteoir at the start so that the Múinteoir can focus on those and in that way you can make the most of the meetings.*

Is mise le meas

Príomhoide

## Naionáin Shóisearacha Junior Infants

Tá cáilíní & buachaillí beaga iontacha againn i rang na naionáin. Tá siad socraithe síos 'sna ranganna éagsúla agus ní chreidfeadh sibh an Ghaeilge atá acu cheana féin. Chuir siad cur i láthair beag ar siúl dá dtuismitheoirí díreach roimh bhriseadh na Samhna de na rannta agus na hamhráin atá foghlamtha acu ó thosaigh siad ar scoil i Meán Fómhair. Bhí siad ar fheabhas ar fad agus bhí a gcuid tuismitheoirí agus múinteoirí fíor-bhródúil astu.



*We have a wonderful group of cailíní & buachaillí in junior infants. They have settled into school and their classes & you wouldn't believe how much Gaeilge they have already. They put on a small performance for their parents just before the mid-term break, of the poems and the songs they have learnt since starting in school in September. They were absolutely fantastic & their parents and múinteoirí were so proud of each and every one of them.*



## An Bhfuil an Iomarca Ama á Chaitheamh ag do Pháiste Ar-Líne?

### Is Your Child Spending too Much Time Online?



Cad is ceart duit a dhéanamh faoi seo?

Conas mar is ceart duit bainistiú a dhéanamh ar an t-am a chaitheann do pháiste(i) ar an idirlíon?

Conas mar is féidir leat a chinntiú go bhfuil do pháiste slán sábháilte agus iad ag gabháil don idirlíon agus na meáin sóisialta?

**CAINT NA BPÁISTÍ (R3 go R6)** Céadaoin 16/11/16

Beidh Sorcha Nic an Taoisigh, Saineolaí ar Shábháilteacht Idirlíon, ag teacht isteach sa scoil ar an gCéadaoin chun caint leis na daltaí ó Rang a 3 go Rang a 6 faoi cheart úsáid an idirlín. Labhróidh sí leo faoin méid ama a chaitheann siad ar an idirlíon/ríomhaire, Pléifidh sí na contúirtí a bhaineann leis an idirlíon agus le suíomhanna gréasáin mí-oiriúnacha. Beidh sí ag caint leo freisin faoi na dea-chleachtais & rialacha is ceart a leanúint agus úsáid á bhaint acu as na meáin shóisialta. Beidh an chaint a dhéanfaidh sí leis na ranganna éagsúla aois-oiriúnach agus bunaithe ar thaithí na bpáistí.

*What should you do about this?*

*How can you best manage time spent online?*

*How can you help ensure your child's safety when they are online and using social media?*

**PUPILS' TALK (R3 go R6)** Wednesday 16/11/16

*Sorcha Nic an Taoisigh, Internet Safety Expert, will be coming into school on Wednesday next to speak with the children from Rang a 3 to Rang a 6 about good internet usage. She will talk to them about the amount of time they are spending online or on their computers/tablets/phones. She will discuss the dangers of the internet and inappropriate websites. She will talk to them about social media and the rules they should follow when engaging with social media. The talk she will give in each class will be age appropriated and tailored to the children's own experiences and age.*

**CAINT DO THUISMITHEOIRÍ** CÉADAOIN 16/11/16 7.30PM

Beidh cur i láthair uair a chloig á thabhairt ag Sorcha do thuismitheoirí an oíche chéana ag 7.30pm sa scoil. Díreoidh an chaint seo ar threoir agus ar chabhair phraiticiúil a thabhairt do thuismitheoirí ionas gur feidir leo a bheith céim chun tosaigh ar a bpáistí ar líne! Tá ard-mholadh faighte ag an urlabhraí seo agus molaim go mór do thuismitheoirí freastal ar an gcruinniú seo.

**PARENTS' TALK WEDNESDAY 16/11/16 7.30PM**

*Sorcha Nic an Taoisigh, Internet Safety Expert, will be giving a 60 minute talk for parents at 7.30pm on the same evening in school. This will be a helpful & practical talk where she will be sharing some tricks and tips that will help you out-smart your child online! This speaker comes highly recommended & I would encourage as many parents as possible to attend this meeting.*




CAINT DO THUISMITHEOIRÍ  
**PARENTS' TALK**  
CÉADAOIN WEDNESDAY  
16/11/16  
7.30PM



## Boscaí Bróg na Nollag Shoe Box Appeal

Míle buíochas libhse atá taréis 'Boscaí Bróg' a seoladh isteach cheana féin do'fheachtas Boscaí Bróg na Nollag 'Team Hope'. Ar mhiste le héinne eile gur mian leo páirt a ghlacadh sa tógra seo na boscaí a sheoladh ar ais chun na scoile roimh an **Chéadaoin an 16 Samhain**.

*Many thanks to all of you who have already filled shoe boxes for the 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal. Anyone else wishing to participate please return your shoebox to the school before **Wednesday the 16th of November**.*



## Bailiúchán Éadaí Clothes Collection

Tá an Coiste ag eagrú bailiúcháin scoile d'éadaí, bróga, criosanna, málaí láimhe agus bréagáin bhog nach bhfuil ag teastáil a thuile. Gheobhfaidh an scoil airgid i leith gach mála éadaí a bailítear. Tacaigh leis an bhfeachtas bailiúcháin airgid seo!

14 -18 Samhain : Tigín : 8.50am & 2.30pm

*The Coiste have arranged for a second-hand clothes service to come and collect all your unwanted clothes, shoes, belts, handbags, stuffed toys and textiles. The school will be paid for each bag of clothing collected. Please support this fundraising venture!*

14-18 November : Tigín : 8.50am & 2.30pm



## Teachtaireachtaí ón Scoil Communication from the School

Le teagmháil éifeachtach, shoiléir a chinntiú agus le heolas contráilte agus mí-thuiscintí a sheachaint tabhair faoi ndeara: go ndéanfar úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide seo a leanas le heolas maidir le ‘Cúrsaí/Gnó Scoile’ a scaipeadh ar thuismitheoirí

- Nóta seolta abhaile i mála scoile na ndaltaí
- Téacs seolta ón scoil ag na thuismitheoirí tríd Text-a-Parent
- R-phost seolta ón scoil trí chóras bhunachar sonraí na scoile
- Nuachtlitir
- Suíomh Gréasáin na scoile [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

Ní bhaineann an scoil úsáid as ‘Whats App’ le teachtaireachtaí a scaipeadh ar thuismitheoirí.

Má tá soiléiriú ag teastáil ó thuismitheoir maidir le haon cheann de na teachtaireachtaí sin nó le haon ábhar a bhaineann le ‘cúrsaí/gnó scoile’ is ceart dóibh dul i dteagmháil leis an scoil chun an soiléiriú sin a fháil.

*In order to ensure effective communication and to avoid confusion, misunderstandings and misinformation please note that: Information pertaining to all ‘School Business’ will be communicated to the parents via one of the following methods*

- Hard copy notice sent home in the children’s school bags
- A text sent out from the school via Text-a-Parent
- An e-mail sent out by the school via the school’s database system
- School Newsletter
- School’s Website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

*The School does not use ‘What’s App’ to communicate with the parents.*

*Any parent needing clarification on any issue that arises out of any of these communications or any issue relating to ‘school business’ should contact the school directly for same.*

## Comórtas Ealaíne dlr



Comhgháirdeachas le Karl Ó Dúrcáin Meachair ó R3B as duais a bhuaichaint i gcomórtas ealaíne dlr le déanaí. Maith thú a Kharl.

*Congratulation to Karl Ó Dúrcáin Meachair in R3B for winning a prize in dlr’s Festival of Inclusion Art Competition. Maith thú a Kharl.*

## Ár gCara : An Garda Pat

Is cara mór le daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille é an Garda Pat Cullen. Tháinig sé isteach ar cuairt go Rang N2 le déanaí. Thaispeáin sé a éide (*uniform*) agus a hata do na páistí. Bhí dornaisc (*hand cuffs*), bata (*baton*) & radió aige.

Bhí moltaí (*advice*) ag Pat do na páistí ar fhaitíos go mbeidís cailte:

1. Ainm & uimhir fón póca mamaí nó daidí a bheith ar eolas de ghlan mheabhar acu.
2. Ar lá mór sa chathair nó ar ócáid ar nós cluiche peile nó paráid mhol sé gur cheart uimhir fón mamaí nó daidí a scríobh ar lámh an pháiste.

Dúirt sé leis na páistí go bhfuil na gardaí ann chun aire a thabhairt do gach duine.

### Roinnt dár Naíonáin Iontacha!



### An Garda Pat lena Jatan!



## Seisiún Ceoil Idir scoile

Tá Banna Ceoil na scoile ag dul ó neart go neart le os cionn 70 páiste ag freastal air, dhá lá sa tseachtain. Tá ceangail láidir déanta ag an mbanna ceoil scoile le 2 scoil eile a bhfuil bannaí ceoil acu freisin, s'iad siúd Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus Gaelscoil na Cille, Cill Dhéaglán, Co. na Mí. Bhí seisiún ceoil ollmhór anseo sa scoil ar an Mháirt an 08 Samhain nuair a tháinig timpeall 200 dalta ón trí scoil le chéile don lá. Bhí ceol, damhsa ar an sean nós, amhránaíocht agus a lán spraoi againn dár ndóigh! B'iontach an rud é an oiread sin páistí óga a fheiceáil ag gabháil do cheol agus ag baint fíor-thaitneamh aisti. Eagrófar dhá sheisiún eile níos déanaí sa bhliain, ceann i Scoil Lorcáin & ceann eile i gCill Dhéaglán.

*The 'Banna Ceoil Scoile' is going from strength to strength with well over 70 pupils attending the group rehearsals, twice a week. The Banna Ceoil has established a link with two other schools who also have 'bannaí ceoil'; Scoil Lorcáin in Monkstown and Gaelscoil na Cille in Ashbourne. We hosted both schools for a mighty 'seisiún' on Tuesday the 8<sup>th</sup> of November when 200 pupils from the 3 schools came together for the day. The day's events included learning some new tunes, a bit of sean nós dancing, some traditional singing and lots of craic! It was absolutely wonderful to see so many talented young children playing an array of traditional Irish instruments and thoroughly enjoying themselves while doing so. Two further sessions will be organised later on in the year, one in Scoil Lorcáin, Monkstown and another in Gaelscoil na Cille, Ashbourne.*



## Cór Náisiúnta na nÓg

Tá rang a 6 agus 5 ag glacadh páirt i gCór na n-Óg i mbliana. Tagann an ceithre rang lé chéile gach Máirt ag 1:30 le cleachtadh ar feadh uair a chloig. Tá 15 amhrán ar fad le foghlaim ag an gCór. Tá tús maith curtha againn leis an gcéad 6 amhrán. An t-amhrán is fearr le gach duine faoi láthair ná 'Mornin' Glory' mar go bhfuil sé tapaidh agus saghas greannmhar mar go gcaithfidh muid fuaimeanna traenach a dhéanamh. Taithníonn 'Lightning' linn freisin cé go bhfuil sé fíor-chasta le foghlaim. Moon River, Óró Sé Do Bheatha Abhaile, Hallelujah Chorus agus Fill a Rún na hamhráin eile atá tosaithe againn agus tá siad siúd ar fad an-deas freisin.

Beidh ár gcéad ollchleachtadh againn an tseachtain seo chugainn nuair a thiocfaidh daltaí R5 & R6 ó Holy Trinity NS, Baile na Lobhar agus St Patricks NS, Gleann Cuilinn go Gaelscoil Thaobh na Coille don lá leis na hamhráin sin a chleachtadh le chéile. Beidh thart ar 250 dalta ar fad ag an gcleachtadh sin. Beidh an príomhoide ag stúradh an chóir agus beidh an Múinteoir Ní Fhloinn ag seinnt ar an bpianó. Beidh ceolchoirm mór againn san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht i Mí Márta/ Aibreán.

## National Children's Choir

*R5 & R6 are participating in the National Children's Choir this year. All four classes come together for an hour every Tuesday at 1.30pm. The choir has to learn 15 songs. We have already made a good start on the first 6 songs. Everybody's favourite song so far is 'Mornin' Glory' (a negro spiritual) because it is fast and sort of funny as we have to sound like a train as we are singing it. We also like the song 'Lightning' even though it is extremely tricky, rhythm wise. The other four songs that we have started; Moon River, Óró Sé Do Bheatha Abhaile, Hallelujah Chorus and Fill a Rún are also very nice.*



*We will have our first 'cluster' practice next Tuesday when the 5<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> class pupils from Holy Trinity NS, Leopardstown and St Patricks NS, Glencullen come to Gaelscoil Thaobh na Coille for a days rehearsal. There will be approximately 250 at that rehearsal. The príomhoide will conduct the rehearsal and an Múinteoir Ní Fhloinn will accompany the choir on the piano. We will take part in the Dublin Regional Concert in the National Basketball Arena in Tallaght at the end of March/beginning of April.*